Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12670/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0263 (NLE)**

**PROBA 31**
**AGRI 409**
**WTO 72**
**DEVGEN 142**
**FORETS 67**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 469 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 thar ceann an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 469 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 469 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2025
COM(2025) 469 final

2025/0263 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 thar ceann an Aontais Eorpaigh**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an togra seo le síniú an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Caife 2022.

Is é is aidhm do Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 (‘ICA’ nó ‘an Comhaontú’) earnáil dhomhanda an chaife a neartú agus forbairt uirthi atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil de a chur chun cinn.

Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí i gComhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007[1] agus ina Chomhalta den Eagraíocht Idirnáisiúnta Caife.

Ag an 133ú Seisiún a bhí aici an 9 Meitheamh 2022, ghlac an Chomhairle Idirnáisiúnta Caife an téacs de Chomhaontú nua 2022 a cuireadh in ionad Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007.

Sa phlé ar an gComhaontú, rinne an Coimisiún caibidlíocht ar bhonn an tsainordaithe caibidlíochta agus na dtreoracha a mhol an Coimisiún[2] agus a d’fhormheas an Chomhairle an 28 Iúil 2021[3].

Bhí gá le páirt-athbhreithniú chun ICA 2007 a athchóiriú agus ba léir gur chun leasa an Aontais é sin an Comhaontú a ailíniú a thuilleadh leis na cleachtais a chothaíonn an tAontas i mboird idirnáisiúnta tráchtearraí eile, agus chun forbairtí sa mhargadh domhanda caife ó bhí 2007 ann a chur san áireamh. Le Comhaontú nua 2022, nuashonraítear cothromaíocht na gcóras vótála agus rannchuidithe agus tugtar aghaidh ar chomhtháthú na hearnála príobháidí agus na sochaí sibhialta in obair ICO. Cuirtear san áireamh sa Chomhaontú nua cuspóirí an tsimplithe agus an chuíchóirithe agus gné idir-rialtasach ICO á coinneáil an tráth céanna.

I bhfianaise an phlé agus ábhar na hionstraime nua, measann an Coimisiún gur cheart Comhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 a shíniú.

An 27 Márta 2025, d’fhormheas an Chomhairle Idirnáisiúnta Caife síneadh a chur le ICA 2007 go dtí an 1 Feabhra 2028. Tiocfaidh ICA 2022 i bhfeidhm a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha maidir lena theacht i bhfeidhm sealadach nó cinntitheach, áfach, rud a chuirfear deireadh le tréimhse an tsínidh le ICA 2007 dá bharr.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Rinneadh an Comhaontú a chaibidliú i gcomhréir leis na treoracha caibidlíochta cuimsitheacha a ghlac an Chomhairle an 28 Iúil 2021 ar mholadh ón gCoimisiún le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Idirnáisiúnta Caife nua idir an tAontas Eorpach agus Comhaltaí eile na hEagraíochta Idirnáisiúnta Caife.

Tá an Comhaontú i gcomhréir go hiomlán leis an gComhaontú Glas don Eoraip[4] freisin.

### • Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an Comhaontú i gcomhréir go hiomlán leis an straitéis *Global Gateway*[5]. Go deimhin, seasann *Global Gateway* do naisc inbhuanaithe iontaofa a oibríonn do dhaoine agus don

---

1 2008/579/CE: Cinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2008 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007 thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, IO L 186, 15.7.2008, lch. 12.

2 COM(2021) 374 final.

3 CM 4170/21.

4 https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/european-green-deal_ga.

phláinéad. Cuidíonn sé chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda is práinní, lena n-áirítear an t-athrú aeráide a chomhrac, córais sláinte a fheabhsú, agus borradh a chur faoi iomaíochas agus faoi shlándáil na slabhraí soláthair domhanda.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagal 207(3) agus Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá beartaithe.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Neamhbhainteach

- **Comhréireacht**

Ní théann síniú an Chomhaontaithe thar a bhfuil riachtanach chun a aidhmeanna a bhaint amach.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra seo i gcomhréir le hAirteagal 218(5)(a)(v) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinntí lena n-údarófar síniú comhaontuithe idirnáisiúnta.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Íocfar ranníocaíocht an Aontais le buiséad riaracháin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Caife le haghaidh gach bliana airgeadais ón ionstraim ICFCI-an Eoraip Dhomhanda.

---

[5] https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/stronger-europe-world/global-gateway_ga.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé a áirithiú go síneofar an Comhaontú, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

2025/0263 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le síniú Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 thar ceann an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(3) agus (4) i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an Coimisiún an Comhaontú nua a chaibidliú ar bhonn an tsainordaithe caibidlíochta agus na dtreoracha a mhol an Coimisiún[1] agus a d'fhormheas an Chomhairle an 28 Iúil 2021[2].

(2) D'fhormheas an Chomhairle Idirnáisiúnta Caife téacs Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 ('an Comhaontú') ag an 133ú Seisiún Speisialta dá cuid an 9 Meitheamh 2022.

(3) Rinneadh an Comhaontú a chaibidliú chun teacht in ionad Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007 ('Comhaontú 2007') ar cuireadh síneadh leis go dtí an 1 Feabhra 2028. Is páirtí é an tAontas i gComhaontú 2007[3] agus, dá bhrí sin, is chun a leasa é an Comhaontú a ghabhann a ionad a shíniú agus a thabhairt i gcrích. Le Comhaontú nua 2022, nuashonraítear cothromaíocht na gcóras vótála agus rannchuidithe agus tugtar aghaidh ar chomhtháthú na hearnála príobháidí agus na sochaí sibhialta in obair ICO. Cuirtear san áireamh sa Chomhaontú nua cuspóirí an tsimplithe agus an chuíchóirithe agus gné idir-rialtasach ICO á coinneáil an tráth céanna.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú, go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta chun é a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Údaraítear leis seo síniú Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2022 ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais Eorpaigh, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin[4].

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

[1] COM(2021) 374 final.

[2] CM 4170/21.

[3] 2008/579/CE: Cinneadh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2008 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích Chomhaontú Idirnáisiúnta Caife 2007 thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, IO L 186, 15.7.2008, lch. 12.

[4] Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*